# Scéal, Scéal, Scéal...




## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige


**Instagram: @pleanteangachoisfharraige**
**Twitter: @PleanTeangaCF**
**Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige**

04 Márta 2021

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

## SCÁTHLÁIN BHUS I GCOIS FHARRAIGE

Rinne **Cumann Forbartha Chois Fharraige** iarratas ar Pháirc Gaoithe na Gaillimhe le maoiniú a fháil ó Chiste an Pháirc Gaoithe le trí scáthlán bus a thógáil i gceantar Chois Fharraige le freastal ar dhaoine a bhíonn ag fanacht ar thaobh an bhóthair ar bhus 424 le dul soir chuig An Spidéal nó go Gaillimh. Bun Bhóthar na Seán sa Teach Mór, taobh amuigh de Sheanscoil Sailearna agus taobh amuigh de Shéipéal an Chnoic atá ainmnithe. Bheadh sé mar rún ag an gCumann Forbartha trí scáthlán bus eile a thógáil i gCorr na Rón, ar an gCoill Rua agus i Saile Thúna i 2022 ach an maoiniú a fháil agus suíomhanna feiliúnacha a aimsiú.




## TURASÓIREACHT NA MARA: SEISIÚIN EOLAIS

Tá seisiúin eolais á reáchtáil ag **Údarás na Gaeltachta** faoi Thurasóireacht Mara. Beidh na seisiúin ar siúl ar an Déardaoin 11ú, 18ú agus 25ú Márta agus iad dírithe ar ghnóthaí thurasóireachta mara sa nGaeltacht nó ar aon duine a bhfuil suim acu gnó a fhorbairt sa nGaeltacht. Turas Bád agus réimse na hiascaireachta a bheas sa gcéad seisiún. Beidh *O'Briens Boat Tours* agus *Gatherall Boat Tours* as Talamh an Éisc, Ceanada ag caint ag an seisiún. Beidh na cainteanna seo ar siúl @ 11:45r.n. Is féidir clárú roimh ré ar www.eventbrite.ie




OBRIENS

## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige ar an Máirt 9ú Márta @ 7:30i.n. ar *Zoom*. Aonghus Ó Coistealbha ón nGarraí Glas sna Creagáin in Indreabhán a bheas i mbun cainte. Tabharfaidh Aonghus léargas ar a ghnó agus roinnfidh sé dea-chomhairle agus dea-chleachtais maidir le fás glasraí. Beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur air chomh maith. Ní mór teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige @gmail.com le clárú, roimh meánlae ar an Luan 8ú Márta. Beidh duais le buachan ar an oíche freisin. Beidh cainteoirí éagsúla ag glacadh páirte sa togra seachtainiúil seo as seo go Bealtaine. Déan teagmháil le Katie @ 0830106294 le haghaidh tuilleadh eolais




## COMÓRTAS LÁ FHÉILE PÁDRAIG

Tá comórtas á reáchtáil ag na hOifigigh Pleanála Teanga do Lá Fhéile Pádraig. Iarrtar ar theaghlaigh an cheantair brioscaí ime a bhácáil i gcruth seamróige, brat na hÉireann nó rud ar bith a chuireann Lá le Pádraig i gcuimhne dúinn! Is féidir treoir a fháil ó fhíseán Dhiarmuid Uí Mhathúna ar an gcuntas Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Bígí cruthaitheach leis na maisiúcháin agus seol pictiúr chuig optchois fharraige@gmail.com. Bronnfar duais ar an mbáicéara is fearr!

## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE


Tiocfaidh **Club Leabhar Chois Fharraige** le chéile arís ar an gCéadaoin 10ú Márta, ag 8i.n. le *'Íbíotsa'* leis an údar ón Spidéal, Labhrás Ó Finneadha, a phlé. Seol teachtaireacht ríomhphoist chuig clubleabharcf@gmail. com le bheith páirteach agus seolfar an nasc *Zoom* chugat ar an gCéadaoin. Bígí ag léamh a chairde!






## SCILEANNA SPÓIRT LE CLÁR NA GCLUICHÍ GAELACHA

Tá sraith físeán á fhoilsiú ag **Clár na gCluichí Gaelacha** ar YouTube. Léirítear scileanna éagsúla sna físeáin le cúnamh agus treoir a thabhairt do imreoirí. Go dtí seo, tá an pas láimhe, an 'flic', caitheamh agus an dúshlán ruathar aonair clúdaithe ag Pádraic Ó Conaire as Cois Fharraige.



## GRADAM BRONNTA AR 'MICIL'

Bronnadh bonn airgid ar **MICIL** le deireanaí sna Gradaim Domhanda Jin 2021. 'Seo í an dara bliain as a chéile a bhfuil aitheantas den chineál seo faighte ag an drioglann a bhunaigh Pádraic Ó Griallais as Indreabhán. Comhghairdeachas ó chroí le Pádraic agus le foireann MHICIL.



## GAEILGE NA HARDTEISTE

D'fhógair an Chomhair le Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta siollabais nua Gaeilge don Ardteistiméireacht. Tá dhá chúrsa á mholadh as seo feasta: ceann amháin do Scoileanna Gaeltachta agus Gaeloideachais agus ceann eile do scoileanna a fheidhmíonn tré Bhéarla. Tá laghdú ar an líon marcanna don scrúdú cainte ar cheann de na moltaí conspóideacha a luaitear. Tá comhairliúcháin oscailte as seo go deireadh mhí Lúnasa agus tá fáilte roimh aiseolas ó dhaoine aonair nó ó eagrais maidir lena bhfuil á mholadh sna siollabais leasaithe. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ag www.ncca.ie

## IARRATAIS 2021 DO CHOLÁISTE CHOLMCILLE

Tá **Coláiste Cholmcille** Indreabhán, ag glacadh le hiarratais do rang na chéad bhliana don scoilbhliain seo chugainn, 2021-'22. Tá forbairt mhór ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna do Choláiste Cholmcille. Tá halla spóirt agus giomnáisiam, seomra eacnamaíocht bhaile, seomra ceoil, seomra tacaíochta foghlama ginearálta agus seomra do thuismitheoirí ar chuid de na forbairtí atá beartaithe. Is féidir an fhoirm iarratais a íoslódáil ó www.colaistecholmcille.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an scoil ag 091 593119 chun foirm iarratais agus pacáiste eolais a fháil.

## COMÓRTAS FAISIN LE TIGH STANDÚN & ENIBAS

Tá comórtas á reáchtáil ag **Tigh Standún** sa Spidéal le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge 2021 agus ar an imeacht **Paisean don Fhaisean** atá mar chuid de sceideal na seachtaine. Beidh cainteoirí éagsúla ag teacht le chéile ar an Aoine 12 Márta @ 7:30i.n. le cúrsaí stíle agus faisin a phlé. Déanfaidh Tigh Standún agus **Enibas** urraíocht ar an ócáid a bheas beo ar chuntas YouTube: Áras na nGael. Mar réiteach dó tá duais iontach de dhearbhán €200 do Thigh Standún agus bráisléad Enibas le buachan! Chun d'ainm a chur chun cinn, ní mó post díot féin i do "fheisteas is fearr" a uaslódáil ar Instagram agus an haischlib #SNAG21STANDUNENIBAS a úsáid. Caithfear @standunireland agus @enibasjewels a leanúint ar Instagram faoi mheánlae ar an 11ú Márta. Roghnófar an chúig fheisteas is fearr agus taispeánfar iad ag an Seimineár Paisean don Fhaisean ar an 12ú Márta.










## OÍCHE ÁILLEACHTA & FOLLÁINE DO MHÁITHREACHA AGUS INÍONACHA

Beidh Oíche Áilleachta agus Folláine do mháithreacha agus iníonacha ar siúl ar an Aoine 26ú Márta @ 7i.n. ar líne. Tá **Scoil Phobail Mhic Dara** agus an t-ealaíontóir smididh **Caroline Ní Chonaire** as Indreabhán tagtha le chéile chun an ócáid seo a reáchtáil. Níl costas i gceist ach iarrfar ar dhaoine clárú roimh ré trí theachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig r.nichonfhaola@spmd.ie agus seolfar an nasc chugat. Beidh duais le buachan ar an oíche chomh maith!


Is féidir eolas a fháil faoin ócáid ar an gcuntas Instagram Gleoite ag gleoite_eire.



**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## COMÓRTAS SCANNÁN GHAEILGE LE TG4 AGUS TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Beidh bailiúchán scannáin i nGaeilge le feiceáil ar TG4 ón 15-19ú Márta. Léireofar **Happy Feet 2, Secret of Kells, Spongebob an Scannáin, Amhrán na Mara agus Revolting Rhymes.** Le ceiliúradh a dhéanamh ar seo, tá comórtas á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltacha in éineacht le TG4, le cúig chinn de chiseáin teaghlaigh d'earraí milse ó Shiopa Uí Mhistéil le buachan. Le d'ainm a chur chun cinn, fág teachtaireacht ar chuntas Facebook Tuismitheoirí na Gaeltachta nó seol chuig eolas@tuismitheoiri.ie nó ar






WhatsApp 087 246 1685 le freagra na ceiste a leanas: Céard é an rud is fearr faoi na scannáin i nGaeilge? Go n-éirí libh!